Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 14 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**8856/21**

**DEVGEN 97**
**EDUC 175**
**SAN 300**
**SUSTDEV 66**
**ACP 44**
**RELEX 440**
**COVID-19 206**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 14 Meitheamh 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8654/21 |
| Ábhar: | Tiomantas Fhoireann na hEorpa don Fhorbairt Dhaonna a Neartú<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 14 Meitheamh 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le tiomantas Fhoireann na hEorpa don fhorbairt dhaonna a neartú, a ghlac an Chomhairle ag an 3802ú cruinniú a bhí aici an 14 Meitheamh 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Tiomantas Fhoireann na hEorpa don Fhorbairt Dhaonna a Neartú**

**Conclúidí ón gComhairle**

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an fhorbairt dhaonna bunriachtanach chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach, lena n-áirítear trína áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár. Dá bhrí sin, is gné lárnach de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais an rannpháirtíocht san fhorbairt dhaonna i gcomhréir leis an gComhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt agus le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe.

2. Cuireann an Chomhairle chun suntais gur gá fócas athnuaite a bheith ar an tacaíocht don fhorbairt dhaonna agus ar a cur chun cinn ar fud rannpháirtíocht sheachtrach an Aontais. Ní mór go ndéanfaí ceannaireacht láidir pholaitiúil agus iarrachtaí comhpháirteacha chuige sin, go háirithe sna cásanna is mó riachtanais. San am chéanna, tá deiseanna ann leasanna agus luachanna an Aontais a shaothrú, agus tacú le hiltaobhachas éifeachtach a mbeidh na Náisiúin Aontaithe ag a chroílár.

3. Aithníonn an Chomhairle an breisluach agus an poitéinseal comhthairbheach a bhaineann leis an fhorbairt dhaonna a chur chun cinn mar phríomhchuid de chur chuige forbartha an Aontais sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair, agus á aithint aici ag an am céanna gurb iad tosaíochtaí agus úinéireacht na dtíortha comhpháirtíochta a spreagfaidh an fhorbairt sin. Dá bhrí sin, tacaíonn an Chomhairle le cur chuige Fhoireann na hEorpa neartaithe maidir leis an bhforbairt dhaonna.

4. Á thabhairt dá haire gur thug paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí socheacnamaíocha, lena n-áirítear i dtéarmaí an mhéadaithe ar neamhshlándáil bia agus gach cineál míchothaithe, suaitheadh dífhasaigh don fhorbairt dhaonna, rud a chuireann an méid a baineadh amach le blianta beaga anuas i mbaol, a chuireann leis an neamhionannas agus a bhaineann an bonn den chomhtháthú sóisialta, meabhraítear don Chomhairle gur cheart iarrachtaí téarnaimh inbhuanaithe a bheith duine-láraithe agus nach bhfágfaí duine ar bith ar lár leo, go mbeadh mar aidhm acu 'atógáil ar dhóigh níos fearr agus níos glaise' agus cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine á chur i bhfeidhm aici.

5. Á admháil di gur clocha coirnéil na forbartha daonna iad cearta an duine, an comhionannas inscne agus an neamh-idirdhealú, aithníonn an Chomhairle gur gá aird ar leith a thabhairt ar theachtadh chearta uile an duine agus rannpháirtíocht, inter alia, na hóige, na gcailíní agus na mban, daoine faoi mhíchumas agus daoine LGBTI, agus, lena chois sin, ar chosaint na ndaoine sin atá i staideanna faoi mhíbhuntáiste, leochaileacha agus imeallaithe, lena n-áirítear leanaí.

6. Aithníonn an Chomhairle gur príomhbhloic tógála na forbartha daonna iad an tsláinte agus an t-oideachas, a bhraitheann freisin ar sheirbhísí sóisialta bunúsacha eile amhail slándáil bia agus cothú, uisce, an tsláintíocht agus an sláinteachas, agus an chosaint shóisialta. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá aird ar leith a thabhairt ar na haistí bia a bhíonn de dhíth ar pháistí agus déagóirí chun fás agus chun a bpoitéinseal forbartha iomlán a bhaint amach, lena n-áirítear trí chláir sláinte agus cothaithe scoile. Admhaíonn an Chomhairle go bhfuil sé ríthábhachtach tacaíocht shistéamach a thabhairt d’earnálacha na sláinte agus an oideachais go háirithe chun cosc agus téarnamh a áirithiú, an teacht aniar a neartú, an chobhsaíocht agus an fás inbhuanaithe a chur chun cinn agus tionchar fadtéarmach na paindéime ar chaillteanas ioncaim agus ar an mbochtaineacht a mhaolú. Aithníonn an Chomhairle gur gá díriú ar thíortha ísealioncaim leochaileacha i ndáil leis an méid sin.

7. Agus cineál ilghnéitheach na forbartha daonna á aithint aici, cuireann an Chomhairle i bhfiosa thuilleadh a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar na hidirnaisc le tosaíochtaí agus réimsí eile, inter alia, an chosaint shóisialta, an dea-rialachas, an t-athrú aeráide, an geilleagar glas, an óige, poist, an digitiú don fhorbairt agus an nasc triarach. Ina theannta sin, aithníonn an Chomhairle an ról ríthábhachtach atá ag an tsochaí shibhialta chun torthaí a bhaint amach san fhorbairt dhaonna.

8. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí gníomhaíocht chuimsitheach chun córais sláinte a neartú agus cumhdach sláinte uilíoch a bhaint amach, lena n-áirítear rochtain chothrom ar sheirbhísí sláinte ardcháilíochta éifeachtacha cuimsitheacha inacmhainne. Cuireann an Chomhairle i bhfios a thuilleadh gur gá sochaithe a chur chun cinn ina gcuirtear ar chumas daoine saol folláin a bheith acu agus ina gcuirtear an tsláinte phoiblí chun cinn lasmuigh den earnáil sláinte.

9. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil an tAontas fós tiomanta iarrachtaí agus gníomhaíochtaí breise a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt (ICPD) a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán, mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithniúcháin, agus sa chomhthéacs sin, leanann an tAontas de bheith tiomanta do shláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo (SRHR). Agus beann aige ar an méid sin, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine smacht iomlán a bheith acu, agus cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach, ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ón idirdhealú, ón gcomhéigean agus ón bhforéigean. Is mian leis an Aontas a chur i bhfios an athuair go dteastaíonn i leith na sláinte gnéis agus atáirgthe rochtain uilíoch ar fhaisnéis, ar oideachas (lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéis) agus ar sheirbhísí cúraim sláinte a bheidh ar ardchaighdeáin, inacmhainne agus cuimsitheach.

10. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé ullmhacht, athléimneacht agus acmhainneacht freagartha ar bhagairtí sláinte na gcomhpháirtithe a threisiú agus go dtacófar leis an tslándáil sláinte dhomhanda, lena n-áirítear tríd an gcur chuige Aon Sláinte Amháin. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle Painéal Saineolaithe Ardleibhéil na hAon Sláinte Amháin a cruthaíodh le déanaí. Thairis sin, meabhraítear don Chomhairle an deis a cuireadh ar fáil ag an gCruinniú Mullaigh Sláinte Domhanda agus ag an gComhthionól Domhanda Sláinte na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19 a chomhroinnt agus prionsabail a fhorbairt le haghaidh tuilleadh comhair iltaobhaigh agus gníomhaíochta comhpháirtí chun géarchéimeanna sláinte domhanda a chosc sa todhchaí.

11. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht a thábhachtaí atá sé rochtain uilíoch, chothrom, ardcháilíochta agus inacmhainne ar chógais, vacsaíní agus teicneolaíochtaí sláinte riachtanacha do chách a áirithiú, go háirithe trí thacaíocht leanúnach an Aontais agus na mBallstát don Luasaire um Rochtain ar Uirlisí COVID-19 (ACT-A), trí COVAX a bheith ar an bpríomhionstraim chun dáileadh cothrom vacsaíní atá sábháilte agus éifeachtach i gcoinne COVID-19 a áirithiú, arna thacú le sásra an Aontais um chomhroinnt vacsaíní agus trí thacaíocht dhéthaobhach, tíre agus réigiúnach. Ina theannta sin, tacaíonn an Chomhairle le hacmhainneachtaí na dtíortha comhpháirtíochta a neartú i ndáil le feachtais vacsaínithe a leathadh amach.

12. Iarrann an Chomhairle go dtabharfaí tacaíocht chuimsitheach, dhea-chomhordaithe éifeachtach ar an leibhéal domhanda, réigiúnach agus tíre chun córais oideachais a neartú i gcomhréir le riachtanais agus tosaíochtaí na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear le maoiniú trí bhíthin comhpháirtíochtaí domhanda amhail an Chomhpháirtíocht Dhomhanda um Oideachas. Iarrann an Chomhairle freisin go dtabharfaí tacaíocht chun cáilíochtaí saor in aisce, cothroma agus ardcháilíochta a áirithiú san oideachas réamh-bhunscoile, bunscoile agus meánscoile agus san ardoideachas, mar réamhriachtanas d'ionchais daoine óga sa todhchaí, go háirithe cailíní agus iad siúd atá ina gcónaí i bpobail imeallaithe agus i staideanna leochaileacha, amhail dídeanaithe agus daoine easáitithe. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí forbairt ar scileanna teicniúla agus gairmiúla a chur chun cinn trí chórais ghairmeoideachais agus ghairmoiliúna leordhóthanacha le linn na saolré chun borradh a chur faoin bhfiontraíocht agus faoi chruthú post inbhuanaithe.

13. Cuireann an Chomhairle i dtreis freisin gur gá cáilíocht an oideachais a fheabhsú ar gach leibhéal chun torthaí foghlama ábhartha agus éifeachtacha a áirithiú chun cumhacht claochlaitheach an oideachais a scaoileadh, trí thacú le múinteoirí agus trína áirithiú go ngnóthóidh foghlaimeoirí, go háirithe cailíní agus iad siúd is mó atá chun deiridh, bunscileanna agus scileanna digiteacha riachtanacha.

14. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar SEGS gealltanais nithiúla intomhaiste a thabhairt chun tacaíocht airgeadais don tsláinte, don oideachas, don chosaint shóisialta agus do sheirbhísí sóisialta bunúsacha eile a mhéadú chun go mbainfear amach sprioc chaiteachais 20% ar a laghad den chúnamh oifigiúil um fhorbairt (ODA) don fhorbairt dhaonna agus don chuimsiú sóisialta sa Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt, chomh maith leis na spriocanna faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) – an Eoraip Dhomhanda a bheidh ann amach anseo. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit páirt a ghlacadh sna hiarrachtaí sin.

15. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí a thuilleadh chun comhionannas inscne sa ghníomhaíocht sheachtrach a bhaint amach go comhpháirteach faoi 2030 lena n-áirítear trí oibriú i dtreo an sprioc ábhartha a bhaint amach faoi NDICI – An Eoraip Dhomhanda a bheidh ann amach anseo, agus tugann sí dá haire, i bhfianaise an mhéid sin, an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún Eorpach agus ón Ardionadaí maidir leis an tríú Plean Gníomhaíochta Inscne (GAP).

16. Cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá an cur chuige ‘Comhar Níos Fearr le Chéile’ agus cur chuige Fhoireann na hEorpa chun tionchar claochlaitheach a bhaint amach trí chlársceidealú agus trí Thionscnaimh Fhoireann na hEorpa (TEI) agus chun éifeachtacht, comhordú agus cuntasacht tionscnamh domhanda um chúnamh a fheabhsú, lena n-áirítear ó na Náisiúin Aontaithe agus ón mBanc Domhanda agus ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta. I bhfianaise an mhéid sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit dul chun cinn intomhaiste struchtúrtha a bhaint amach chun go mbeadh an tAontas Eorpach ina phríomh-chomhpháirtí domhanda san fhorbairt dhaonna trí bhíthin chur chuige Fhoireann na hEorpa.

17. Molann an Chomhairle don Choimisiún, do SEGS agus do na Ballstáit cur chuige il-gheallsealbhóra a bheith acu, agus leas iomlán á bhaint as bosca uirlisí an Aontais, inter alia an t-idirphlé polaitiúil agus beartais, comhroinnt eolais idir piaraí, cúnamh teicniúil agus saineolas na hearnála poiblí (trí Nascadh agus TAIEX), tacaíocht bhuiséadach agus ionstraimí airgeadais nuálacha, amhail an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe atá ar na bacáin (CEFI+).

18. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht gur gá cuspóirí sóisialta, comhshaoil agus aeráide uaillmhianacha a chomhtháthú san idirphlé beartais, i straitéisí agus i ngníomhaíochtaí maoiniúcháin, amhail an Tionscnamh don Téarnamh Domhanda chun ‘atógáil ar dhóigh níos fearr agus níos glaise’ agus rannchuidiú leis na hacmhainní go léir atá ar fáil maidir le SDGanna a ailíniú agus bearta sóisialta agus eacnamaíocha a chistiú chun tacú le téarnamh inbhuanaithe ó ghéarchéim COVID-19, agus aird chuí á tabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht fiachais. Tacú le bainistiú an airgeadais phoiblí agus le slógadh acmhainní intíre, tá ról lárnach aige sin sa chomhthéacs sin freisin.

19. Iarrann an Chomhairle freisin ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit leas a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh ó infheistiú san fhorbairt dhaonna agus iad a chomhroinnt agus cuireann sí chun suntais a mhéid a rannchuidíonn an Tuarascáil um Fhorbairt Dhaonna ó na Náisiúin Aontaithe gach bliain. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé gníomhaíochtaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar fhaireachán, ar mheastóireacht, ar bhainistiú eolais atá bunaithe ar fhianaise agus ar chuntasacht, chun bailiú sonraí imdhealaithe de réir aoise, míchumais agus inscne a mhéadú agus chun a áirithiú go mbeidh iarrachtaí an Aontais follasach agus go gcuirfear in iúl iad go héifeachtach.